Cad é an Próiseas Iarratais do Mhúinteoirí Scoile Speisialta (SSTAP)?

Tá an CNOS, trína rannpháirtíocht le scoileanna speisialta, ar an eolas go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag cúinsí eisceachtúla ar do scoil uaireanta. Chun tacú le do scoil freagairt don riachtanas breise seo atá sainaitheanta, forbraíodh próiseas chun cur ar chumas do scoile iarratas a dhéanamh ar acmhainní teagaisc breise.

Is é seo an Próiseas Iarratais do Mhúinteoirí Scoile Speisialta (SSTAP).

Cathain ba cheart do do scoil iarratas a dhéanamh?

Féadfaidh do scoil speisialta iarratas a dhéanamh más féidir léi a léiriú gur eascair castacht riachtanas scoláirí atá i bhfad níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis tríd an bpróiseas próifílithe bliantúil mar thoradh ar chúinsí eisceachtúla nó gan choinne.

Ba cheart go léireodh iarratais:

- Cineál na gcúinsí eisceachtúla.
- An tionchar ar scoláirí agus ar phobal na scoile i gcoitinne.
- Fianaise ar idirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm cheana féin.
- An chaoi ina bhfuil acmhainní teagaisc reatha á n-úsáid sa scoil.
- Cén fáth nach leor na leithdháiltí reatha chun freastal ar na riachtanais sainaitheanta.

Catagóirí Iarratais

Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh faoi **chatagóir amháin nó níos mó** de na catagóirí seo a leanas.

Catagóir A: Teagasc agus Foghlaim

Déan iarratas nuair:

- In ainneoin na n-acmhainní atá i bhfeidhm cheana féin agus réimse idirghabhálacha suntasacha spriocdhírithe á gcur i bhfeidhm ag an scoil, go mbíonn deacrachtaí fós ag scoláire ar leith nó ag grúpa scoláirí rochtain rathúil a fháil ar oideachas cuí.
- Go dteastaíonn tacaíocht leanúnach agus sheasmhach ó na scoláirí seo thar an méid a bheadh ar fáil de ghnáth sa scoil, agus gur féidir leis an scoil fianaise a sholáthar ina leith sin.

- Gur féidir leis an scoil a léiriú go bhfuil tionchar suntasach agus leanúnach ar theagasc agus ar fhoghlaim.
- Go mbíonn sé deacair go seasta ar na scoláirí seo dul i ngleic le timpeallacht an tseomra ranga agus nach mbíonn siad in ann go minic idirghníomhú le piaraí ar feadh tréimhsí fada ama.

Catagóir B: Folláine na Scoile Uile

Déan iarratas nuair:

- In ainneoin na n-acmhainní agus na n-idirghabhálacha atá i bhfeidhm cheana féin, go bhfuil próifíl na riachtanas sa rang nó sa scoil i bhfad níos mó ná na dúshláin mharthanacha foghlama, shóisialta, mhothúchánacha, iompraíochta nó fhisiciúla atá próifílithe don scoil.
- Go bhfuil na riachtanais seo i bhfad níos mó ná mar a bhíonn de ghnáth i do scoil.
- Go gcruthaíonn iompraíochtaí leanúnacha atá ina gcúis imní rioscaí sláinte agus sábháilteachta do scoláirí agus d'fhoireann in ainneoin tacaíochtaí spriocdhírithe.

Catagóir C: Athrú i do Scoil

Déan iarratas nuair:

- In ainneoin na n-acmhainní agus na n-idirghabhálacha atá i bhfeidhm cheana féin, go bhfuil athrú suntasach tagtha ar phróifíl scoláirí na scoile.
- Go bhfuil riachtanais bhreise shuntasacha agus chasta mharthanacha ag scoláirí.
- Go bhfuil idirghabhálacha fairsinge curtha i bhfeidhm agus athbhreithnithe déanta orthu.
- Nach bhfuil sé de chumas ag na leithdháiltí teagaisc reatha freastal ar an leibhéal méadaithe riachtanais.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Déan iarratas trí **Thairseach Tacaíochta Scoile an CNOS**.

Roghnaigh **Próiseas Iarratais do Mhúinteoirí Scoile Speisialta** agus comhlánaigh gach rannán.

An tEolas a bheidh ag Teastáil

Nuair atá iarratas á dhéanamh agat trí Thairseach Scoile an CNOS, iarrfar ar do scoil:

- Sonraí faoi na cúinsí eisceachtúla.
- Fianaise ar an riachtanas sainaitheanta.
- Eolas faoi imscaradh reatha múinteoirí.
- Sonraí faoi na hidirghabhálacha atá curtha i bhfeidhm.
- Cur síos ar an úsáid atá beartaithe d'aon leithdháileadh teagaisc breise atá á iarraidh.

Cáipéisí Tacaíochta

Uaslódáil:

- Pleananna Tacaíochta Scoláirí (PTSanna) leasaithe do scoláirí sna ranganna a dteastaíonn tacaíocht dóibh.
- Eolas reatha faoi imscaradh múinteoirí (lena n-áirítear tráthchláir d'aon phoist ETP sa scoil).
- Fianaise ar athbhreithnithe idirghabhálacha.
- Fianaise ar fhoghlaim ghairmiúil atá curtha i gcrích ag an bhfoireann.
- Tráthchláir mhúinteoirí na ranganna a dteastaíonn tacaíocht bhreise dóibh.

Ná cuir isteach aon eolas pearsanta inaitheanta faoi scoláirí ná aon tuarascálacha gairmiúla.

Cad a tharlaíonn le linn an phróisis athbhreithnithe?

- Tiocfaidh an painéal athbhreithnithe le chéile agus déanfaidh siad breithniú ar an gcáipéisíocht go léir a chuirfidh do scoil ar fáil.

- Déanfaidh an painéal athbhreithniú ar na hacmhainní foirne sa scoil agus ar an gcaoi a n-úsáidtear iad chun tacú le scoláirí.
- Eagróidh an painéal glao teileafóin leis an bpríomhoide chun an t-iarratas a phlé.
- I gcásanna áirithe, féadfar cuairt scoile a sceidealú.

Chun cinneadh a dhéanamh faoin iarratas seo, féachfaidh an CNOS ar cheithre réimse:

- Leibhéal agus cineál riachtanas na scoláirí sa scoil.
- Líon na múinteoirí atá ag obair sa scoil cheana féin.
- An chaoi a mbíonn an scoil páirteach i bhFoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí.
- An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na cúinsí eisceachtúla faoi láthair mar atá léirithe san iarratas.

Torthaí Féideartha

- Gan aon athrú a mholadh ar an leithdháileadh teagaisc reatha.
- Tacaíocht chomhairleach a mholadh.
- Méadú sealadach ar an leithdháileadh teagaisc a mholadh.
- Méadú sealadach ar an leithdháileadh teagaisc agus tacaíocht chomhairleach a mholadh.

Cuirfear torthaí in iúl don scoil laistigh de thrí seachtaine tar éis glacadh leis an iarratas.

Conas a Thacófar le Scoileanna

Le linn an phróisis, beidh rochtain ag scoileanna ar:

- Doiciméid threoracha.
- Tacaíocht ó ERSOanna.
- Tacaíocht ó Chomhairleoirí an CNOS.
- Cumarsáid shoiléir i rith an phróisis athbhreithnithe.